

Plean Gaeilge – S.N Mhuire, Leitirfraic

Réamhráiteas

Shocraigh an fhoireann ar an bplean seo ag criunniú. Cuireadh le chéile é ar an 31ú lá de Bealtaine 2013. Bhí an fhoireann iomlán i láthair.

Tá gá leis an bplean seo:

- Chun cabhrú linn an Curaclam a chur i bhfeidhm agus a chur in oiriúnt d'ár scoil.
- Chun go mbeidh treoir chinnte again i múineadh agus úsáid na Gaeilge.
- Ionas go mbeidh leanúnachas agus forbairt ó rang go rang.
- Chun an Cur Chuige Cumarsáideach a chur i bhfeidhm sa scoil
- Chun eolas a thabhairt do dhaoine nua a bhíonn ag obair sa scoil, m.sh ionadaithe

Fís agus Aidhmeanna

Fís

Ba mhaith linn mar fhoireann go mbeadh:

- Dearcadh dearfach i Leith na Gaeilge ag múinteoirí na scoile.
- Dearcadh dearfach ag na tuismitheoirí i Leith na Gaeilge.
- Ar ár gcumas cur leis na háiseanna sa scoil go rialto.
- Gaeilge sa timpeallacht – ní chloiseann formhór na bpáistí an Ghaeilge taobh amuigh den scoil ach ba mhaith linn go gcloisfí í ag imeachtaí ar nós cluichí a eagraíonn Cumann na mBunscoil agus comortaisí damhsa agus ceol agus ócáidí eile.
- Tuiscint ag na páistí ar thabacht na teanga maidir lenár gcultúr.
- Béim ar an taispeantas agus gníomhaíochtaí i rith Seachtain na Gaeilge.

Tá ilranganna sa scoil seo agus tá dúshlán mór ag baint le cur chun cinn na Gaeilge. Tá dúshlán ar Leith ag baint le comhthéacs a chruthú don teanga sa cheantar seo.

Aidhmeanna:

Siad na haidhmeanna atá againn mar fhoireann scoile ná:

- An Ghaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir i rith an lae.
- Dearcadh dearfach a chothú sa scoil – spies a chothú sa teanga.
- Taithneamh agus grá a bheith ag baint le foghlaim na Gaeilge ag tosnú sna Ranganna Naíonáin.
- Béim ar cumarsáid.

- Béim laidir ar éisteacht, labhairt sna ranganna naíonáin agus rang a haon agus léitheoireacht agus scríobhneoireacht a fhorbairt ar bhealach comhtháite.
- Féinmhuinín na páistí a chothú i labhairt na Gaeilge.
- Feasacht cultúir agus teanga a chothú.

Ábhar an Phlean

Cur Chuige Cumarsáideach:

Tá an curaclam bunaithe ar chur chuige cumarsáideach. Tá an phríomhbhéim ar an gcumarsáid san ábhar teagaisc agus foghlama agus i modhanna múinte na gceachtanna Gaeilge. Is iad móraidhmeanna an chur chuige seo ná go mbeadh an páiste in ann úsáid a bhaint as an teanga chun cuspóirí cumarsáide a bhaint amach agus go mbeadh deiseanna aige/aici an Ghaeilge atá á foghlaim a úsáid go rialta i ngnáthchaint an lae.

Feidhmeanna Teanga:

Is é is ciall le feidhm teanga ná an úsáid a bhaineann duine as an teanga chun cuspóir éigin cumarsáide a bhaint amach chun é/í a chur in aithne nó eolas a lorg nó a thabhairt. Seo a leanas na catagóirí teanga a bheidh i gceist:

Rangaítear iad i 6 chatagóir feidhmeanna

- Caidreamh sóisialta a dhéanamh
- Soiléiriú a lorg i gcomhrá
- Dul i gcion ar dhuine nó ar dhaoine eile
- Dearcadh a léiriú agus a lorg
- Eolas a thabhairt agus a lorg
- Struchtúr a chur ar chomhrá

Tá gá le eiseamláirí na bhfeidhmeanna teanga a roghnú chun go mbeidh:

- An fhoireann ar fad aontaithe ar an gcur chuige
- Forbairt agus leanúnachas le feiceáil ó na Naíonáin go Rang a 6
- Treoir agus struchtúir do fhoireann na scoile
- Na páistí in ann an Ghaeilge atá acu a úsáid chun labhairt/ léamh agus scríobh faoi topaicí a bhfuil spies acu féin iontú, is Cuma cé chomh teoranta is atá sé.

Téamaí

Tá deich gcinn de théamaí atá spéisiúil don pháiste liostaithe sa churaclam.

- Mé Féin
- Sa Bhaile
- An Scoil

- Bia
- An Teilifís
- Siopadóireacht
- Caitheamh aimsire
- Éadaí
- An Aimsir
- Ócáidí Speisialta

Snáitheanna an Churaclaim:

Forbrófar na snáitheanna ar bhealach comhtháite ach luaitear anseo thíos na príomhghnéithe a bhaineann le gach snáithe.

Éisteacht, Labhairt, Léitheoireacht agus Scríobhneoireacht.

An príomh scéim Gaeilge atá in úsáid again sa scoilseo faoi láthair ná Sin é.

Éisteacht

Cuirfear an bhéim ar tábhacht na héisteachta i sealbhú teanga agus i gceist an scoile seo tá:

- Éisteacht go neamhfhoirmiúil sa rang agus sa scoil m.sh bainistiú ranga, múinteoirí ag cumarsád le chéile, frása na seachtaine agus sa mbaile m.sh ag féachaint ar TG4.
- Éisteacht go foirmiúil , m.sh rain, tascanna éisteachta – éist agus tarraing, dánta, éisteacht le scéalta, nuacht phearsanta, sceitsí, seanfhocail &srl

Labhairt

- Cuirfear béim an laidir ar labhairt na Gaeilge sa scoil seo.
- Cumas cumarsáide an sprioc is tábhachtaí atá le baint amach
- Bíonn deis ag na páistí labhairt go simplí faoi na topaicí a bhfuil spies acu iontu, m.sh cluichí teanga, scéalaíocht, athinsint scéalta, rólghlacadh, nuacht phearsanta &srl.
- Múintear amhráin & dánta a chuireann le cumas labhartha, agus cumas foghraíochta an pháiste.

Léitheoireacht

- Bíonn bunús maith cainte ag an bpáiste sna bunranganna – tá clár ullmhúcháin don litearthacht sa scoil m.sh úsáidtear pictiúirleabhair, rain, prionta sa timpeallacht, cluichí éisteachta &srl
- Cuirtear tús leis an léitheoireacht i Rang a 2 agus úsáidtear leabhair mhóra agus beaga, agus leabhar an pháiste prionta sa timpeallacht, nuacht phearsanta &srl
- Tagann forbairt ar na scileanna léitheoireachta óna meanranganna ar aghaidh ag baint úsáid as téacsanna agus tascanna difriúla ar nós fíorleabhair, nuachtáin, irisí, dánta, amhráin abairtí a chur in ord, léigh agus tarraing pictiúr &srl
- Ba cheart i gcónaí fanacht go mbíonn an pháiste réidh don léitheoireacht.

Scribhneoireacht

- Cuirtear tús leis an scríbhneoireacht i Rang a 2 agus úsáidtear na modhanna seo - frásaí Agus abairtí a chóipeáil bunaithe ar na téamaí, nuacht phearsanta, cártaí poist &srl.
- Tugtar tascanna difriúla do na páistí a scríobh ar nós litir, cártaí poist, scéal
- Déantar litriú agus gramadach ar bhealach neamhfhoirmiúil sna meánranganna agus ar bhealach foirmiúil sna hardranganna.

Comhtháthú sa Snáitheanna seo

- Sa scoil seo cuirfear béim ar éisteacht agus labhairt mar bhunús don litearthacht
- Déanfaimid iarracht éisteacht/labhairt/léitheoireacht agus scríbhneoireacht a fhorbairt ar bhealach comhtháite.
- Is tábhachtach an rud é go bhfuil na snáitheanna comhtháite. Úsáideann an múinteoir an Ghaeilge taobh amuigh den ceacht Gaeilge sa seomra ranga mar theanga caidrimh agus mar theanga bhainisteoireachta sa rang. Samplaí abhair eile – C.O ceol gaelach, amhráin traidisiúnta

Téamaí, Straitéisí & Modhanna Múinte:

Táimid chun:

- Fó-théamaí a bhfuil spéis ag na páistí iontú a roghnú faoi na deich dtéamaí.
- Modhanna Múinte éagsúla a úsáid a fheileann don ábhar teagaisc agus do bhealaigh foghlama an pháiste.
- Úsáid a bhaint as réimse stratéisí ionas go mbeidh na páistí in ann cumarsáid a dhéanamh ag léibhéal a oireann dá riachtanaisí féin – ag baint úsáid as na heiseamláirí atá roghnaithe, múinte agus cleachtaithe.

Gaeilge Neamhfhoirmiúil

Déanann muid iarracht an Ghaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir linn I rith an lae.

- Ócáidí rialto I rith an lae..... Am rolla/lón/ar maidin srl.
- Teachtaireachtaí
- Bainistiú ranga
- Prionta sa timpeallacht/fógraí/comhartha srl
- Frása na seachtaine/seanfhocail
- Beidh frása/seanfhocail na seachtaine no na míosa ar chrochadh sa halla gach seachtain/mí agus beidh sé le feiceáil ag na páistí & na tuismitheoirí

Pleanáil Eagraíochta

Pleanáil an Mhúinteora

Leanann an múinteoir na cinn teideil sa bplean scoile. Tá sé seo le feiceáil sa gCúntas míosúil & Nótaí coicíse. Leantar na snáitheanna agus na téamaí.

Áiseanna

Sa scoil seo táimid ag úsáid an scéim Sin é

Sa bpacáiste seo tá:

Dlúthdhiosca ar line, leabhar an mhúinteora, leabhair na bpáistí, dlúthchéirnín

Áiseanna Breise

Físeáin

Puipéadaí

Dlúthdhioscaí

Leabhair Móra

Póstéirí

Suíomhanna éagsúla ó ám go h-ám (scoilnet.ie, seomra.ranga.ie srl)

Go hiondiúl bíonn leabhar an mhúinteora ag an múinteoir agus leabhar ag gach páiste chomh maith le dlúthchéirnín agus scéalta, amhráin agus dánta. Is fiú go mór úsáid a bhaint as áiseanna chomhaimseartha chun go mbeadh éagsúlacht sa cheacht agus chun aire na bpáistí a choinneáil. I said na cinn is coitianta ná:

Gugalaí Gug

Rabhlaí Rabhlaí

Craic le litriú

Treo Nua

Séideán Sí

Maith Thú

Am don léamh

Fuaimeanna & Focail

Bíonn na múinteoirí freagrach as na háiseanna ar fad.

Comhtháthú le habhair eile

Ealaíon & Corp Oideachais

Déanfaimid iarracht roinnt Gaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir in ábhair difriúla sa scoil I rith na bliana agus tá saoirse ag múinteoirí a rogha féin a dhéanamh.

Éagsúlacht Cumais

Sa scoil seo déanfar iarracht freastal ar éagsúlacht cumais na bpáistí trí

- Modhanna múinte agus ilghnéitheach a fhorbairt
- Stratéisí éagsúla a úsáid ag brath ar riachtanais na bpáistí.
- Aithnaitear go bhfuil páistí ar Leith sa scoil a bhfuil deacrachtaí foghlamtha acu. Beidh na páistí seo páirteach I bhfoghlaím na Gaeilge ach ní chuirfear aon bhrú orthú. Béfear ag súil iad a mhealladh taitheamh a bhaint as foghlaim na Gaeilge.
- Maidir le páistí a fhágann an rang chun freastal ar mhúinteoirí tacaíochta, tá an clár ama chomh solúbtha agus is féidir I dtreo is nach mbeadh an dálda as láthair go rialta ó aon ábhair áirithe.
- Mar gheall ar pháistí go bhfuil díolúine ón Ghaeilge acu, in aontú le ciorclach 12/96, tá sé socraithe ag na múinteoirí go ndéanfaidh na páistí sin gníomhaíochtaí breise, m.sh, léamh/scríobh I rith na ceacht Gaeilge.

Pleanáil Ranga

Déanann na múinteoirí an pleanáil seo a leanas.

Pleanáil Fadtéarmach: Plean Téarma Cúntas Míósúil

Pleanáil Geartéarmach: Scéim Coicise

Measúnú ar foghlaim na bpáistí

Is cuid lárnach den phróiséas teagaisc agus foghlama na Gaeilge an measúnú.

Seo iad na húirlisí atá in úsáid again:

- Dírbhreathnú an mhúinteora
- Tascanna & trialacha dearth ag an múinteoir
- Bailiúchán d'obair agus do thionscadail an pháiste

Cur I bhfeidhm an phlean:

Rólanna: Tá gach múinteoir freagrach as an bplean a chur I bhfeidhm. Bíonn cruinniú ag an bhfoireann go rialto agus pléitear dul chun cinn an phleain agus aon tuairimí nua.

Spríodhata leis an plean a chur I bhfeidhm: Meán Fómhair 2013

Meastóireacht agus Athbhreithniú ar an bplean

Leanann ullmhúchán an mhúinteora an plean agus na nósanna imeachta atá sa phlean. Tá a fhios again go bhfuil dul chun cinn sásúil á dhéanamh again mar:

- Tá aiseolas dearfach á fháil óna múinteoirí agus óna páistí
- Tá na páistí ag baint taitneamh as foghlaim na Gaeilge
- Cloistear an Ghaeilge taobh amuigh den rang Gaeilge

Beidh an fhoireann teagaisc páirteach san athbhreithniú.

Spríodhata don athbhreithniú: Meitheamh 2016